2024/2468

3.10.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 128/2024

an 12 Meitheamh 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/2468]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/552 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2022 lena gcinntear go gcomhlíonann malartáin urrús náisiúnta Stáit Aontaithe Mheiriceá atá cláraithe leis an Securities and Exchange Commission ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal III de Threoir 2014/65/AE agus go bhfuil siad faoi réir maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31bcazk (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/985 ón gCoimisiún) de Chaibidil IX d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'31bcazl. **32022 D 0552**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/552 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2022 lena gcinntear go gcomhlíonann malartáin urrús náisiúnta Stáit Aontaithe Mheiriceá atá cláraithe leis an Securities and Exchange Commission ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal III de Threoir 2014/65/AE agus go bhfuil siad faoi réir maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach (IO L 107, 6.4.2022, lch. 85).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/552 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 13 Meitheamh 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 385/2021 ó Chomhchoiste LEE an 10 Nollaig 2021 ([2]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 107, 6.4.2022, lch. 85.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L, 2024/650, 14.3.2024.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2024.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN